| Gaeilge na hArdteistiméireachta | **Cruinniú 2 den Mheitheal Forbartha: 22.10.25**<br>Gearrthuairisc |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte agus cur in aithne** | Chuir Cathaoirleach meithle fáilte roimh baill nua na meithle nár fhreastail ar an gcéad chruinniú, agus chuir gach duine iad féin in aithne ar a chéile. |
| **Miontuairiscí agus nithe a thagann chun cinn, agus rialachas.** | Glacadh le miontuairiscí chruinniú 1 ach moladh leasú beag a dhéanamh do na miontuairiscí ó chruinniú 1, le léiriú go lorgaíodh soiléiriú go mbeadh scrúdú béil mar chuid den mheasúnú, rud atá molta sna Paraiméadair uileghabhálacha do Thráinse 4.<br><br>Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **Uasdátaithe** | Thug Feidhmeannacht CNCM achoimre ar théamaí éiritheacha ón gcomhairliúchán ar an gCáipéis Eolais. |
| **Athbhreithniú ar an dréachtréasúnaíocht** | Cuireadh cóip chrua de dhréacht-Réasúnaíocht ar fáil don Mheitheal Forbartha. D'oibrigh an mheitheal i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar an téacs agus chun athruithe agus rudaí le cur leis a mholadh.<br>Rinne an Fheidhmeannacht taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoin dara dréacht. |
| **Athbhreithniú ar na dréacht-Aidhmeanna** | Roinneadh cóip chrua de dhréacht Aidhmeanna leis an Meitheal Forbartha. D'oibrigh an mheitheal i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar an téacs agus chun athruithe agus rudaí le cur leis a mholadh.<br>Rinne an Fheidhmeannacht taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoin dara dréacht. |
| **Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach** | Thug an Fheidhmeannacht ionchur ar Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus na tréithe a ghabhann leo. Rinneadh plé orthu sin i ngrúpaí beaga ar dtús le haiseolas á roinnt laistigh den ghrúpa iomlán ar na bealaí a d'fhéadfaí taithí a fháil ar na Príomhinniúlachtaí in Gaeilge na hArdteistiméireachta. Bhailigh an Fheidhmeannacht aiseolas. |
| **Ag smaoineamh ar chruinniú 3** | Ní raibh am ag an meitheal an mhír seo den chlár a phlé. |
| **Aon Ghnó Eile** | Ghabh an Chathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a bheith rannpháirteach sa chruinniú.<br>Déanfaidh feidhmeannacht CNCM athbhreithniú ar an bplé ar an dréachtréasúnaíocht agus ar na dréacht-aidhmeanna, chomh maith le príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach. Bainfidh siad úsáid as an eolas seo le hábhair a dhréachtú a ndéanfaidh an mheitheal breithniú orthu ag an gcéad chruinniú eile.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 17 Samhain 2025 |